AN LIMISTÉAR EORPACH EACNAMAÍOCH
Comhairle an LEE

An Bhruiséil, 27 Bealtaine 2026
(OR. en)

EEE 1604/1/26
REV 1

**CONCLÚIDÍ**

| Ábhar: | Conclúidí ón 62ú cruinniú de Chomhairle an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (an Bhruiséil, an 27 Bealtaine 2026) |
|---|---|

1. Tionóladh an 62ú cruinniú de Chomhairle an Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch sa Bhruiséil an 27 Bealtaine 2026 faoi Uachtaránacht Michael Damianos, an tAire Fuinnimh, Tráchtála agus Tionscail, thar ceann Uachtaránacht Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Bhí na daoine a leanas i láthair ag an gcruinniú: Espen Barth Eide, Aire Gnóthaí Eachtracha na hIorua; Sabine Monauni, Aire Gnóthaí Eachtracha, Comhshaoil agus Cultúir Lichtinstéin; agus Martin Eyjólfsson, Buanrúnaí Stáit in Aireacht Gnóthaí Eachtracha na hÍoslainne, chomh maith le hionadaithe ón gCoimisiún Eorpach agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí. Phléigh comhaltaí Chomhairle LEE feidhmiú foriomlán Chomhaontú LEE agus bhí díospóireacht bheartais acu maidir leis an iomaíochas agus an fás glas a áirithiú sa mhargadh inmheánach.

2. Leag Comhairle LEE béim ar an tábhacht leanúnach mhéadaitheach a bhaineann le Comhaontú LEE mar bhonn bunúsach don chaidreamh idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE. Treisíonn an comhaontú sin luachanna agus prionsabail chomhroinnte an daonlathais, an tiomantas d'ord idirnáisiúnta riailbhunaithe, saoirsí aonair, an smacht reachta agus cearta bunúsacha.

3. Agus í ag tógáil ar na luachanna agus na prionsabail chomhroinnte sin, chuir Comhairle LEE i dtábhacht go bhfuil gá freisin le freagairt aontaithe ar dhúshláin slándála dhomhanda chun seasamh leis an ord idirnáisiúnta riailbhunaithe.
D'athdhearbhaigh comhaltaí Chomhairle LEE a dtacaíocht bhuanseasmhach do neamhspleáchas, ceannasacht agus iomláine chríochach na hÚcráine laistigh dá teorainneacha mar a aithnítear go hidirnáisiúnta iad. Leanfaidh siad de bheith ag rannchuidiú leis na hiarrachtaí síochána, go háirithe trí Chomhghuaillíocht na dTíortha Toilteanacha agus i gcomhar leis na Stáit Aontaithe, agus de thacaíocht chuimsitheach pholaitiúil, airgeadais, eacnamaíoch, dhaonnúil, mhíleata agus taidhleoireachta a chur ar fáil don Úcráin agus dá muintir, i gcomhar le comhpháirtithe agus comhghuaillithe atá ar aon intinn leo, lena n-áirítear trína bhfor-rochtain dhomhanda a threisiú. Chuir siad a dtacaíocht in iúl freisin do shíocháin chuimsitheach chóir mharthanach, bunaithe ar Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar an dlí idirnáisiúnta.

4. Dhearbhaigh Comhairle LEE gur dhíol sásaimh di an t-idirphlé polaitiúil, ar leibhéal na n-airí idir Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus airí gnóthaí eachtracha na hÍoslainne, Lichtinstéin agus na hIorua, ina raibh seisiún tuairimíochta neamhfhoirmiúil ag na rannpháirtithe maidir le hábhair leasa fhrithpháirtigh reatha a bhaineann leis an mbeartas eachtrach. Leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé go leanfaí den chleachtas lena n-iarrtar ar oifigigh ó Stáit CSTE LEE freastal ar idirphlé polaitiúil a thionóltar i gcomhar le meithleacha de chuid na Comhairle Eorpaí.

5. Chuir Comhairle LEE i bhfios go láidir, in aimsir na héiginnteachta geopholaitiúla, go bhfuil sé ríthábhachtach slándáil, athléimneacht, uathriail straitéiseach agus iomaíochas na 30 stát uile atá mar chuid den mhargadh inmheánach a fheabhsú agus torthaí nithiúla a bhaint amach do shaoránaigh agus do ghnólachtaí na hEorpa. Leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé margadh inmheánach láidir dea-fheidhmiúil a bheith ann, agus é bunaithe ar na ceithre shaoirse agus ar dhálaí iomaíochta comhionanna agus cothroma do ghnólachtaí, rud a choiscfidh cleachtais dhíobhálacha agus a chothóidh dálaí don fhás eacnamaíoch agus do phoist nua ar fud LEE.

6. Chuir Comhairle LEE i bhfios go láidir go bhfuil leas frithpháirteach ag an Aontas agus ag Stáit CSTE LEE sláine an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú agus cothrom iomaíochta a choinneáil de réir mar a fhorbraíonn beartais agus tionscnaimh nua chun dul i ngleic le dúshláin gheopholaitiúla leanúnacha.

7. Leag Comhairle LEE béim ar na tairbhí suntasacha a bhaineann leis an margadh inmheánach agus ar a thábhachtaí atá an dlúthchomhar idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE, agus sa chomhthéacs sin d'admhaigh sí an rannchuidiú luachmhar dearfach a rinne Stáit CSTE LEE leis an bpróiseas cinnteoireachta i reachtaíocht agus i gcláir atá ábhartha maidir le LEE. Chuir sí i bhfios go láidir go dtacaíonn an rannchuidiú sin lenár leas frithpháirteach i mbeartais thrédhearcacha dhea-ullmhaithe. Leag Comhairle LEE béim freisin ar a thábhachtaí atá sé go n-iarrfaí ar Airí CSTE LEE freastal ar chruinnithe agus ar chomhdhálacha neamhfhoirmiúla ábhartha aireachta. Chuir sí in iúl go bhfuil sí buíoch go bhfuil Uachtaránacht na Cipire agus na huachtaránachtaí inteachta le leanúint den chleachtas sin.

8. D'aithin Comhairle LEE na dúshláin leanúnacha atá roimh an trádáil idirnáisiúnta tráth atá slabhraí soláthair domhanda faoi bhrú, agus d'athdhearbhaigh sí a tiomantas don trádáil oscailte chothrom inbhuanaithe agus leag sí béim ar a thábhachtaí atá an córas trádála riailbhunaithe. Chomhaontaigh comhaltaí Chomhairle LEE go n-oibreoidís go dlúth le chéile chun torthaí fóinteacha a bhaint amach ar féidir obair leantach a dhéanamh orthu tar éis an 14ú Comhdháil Aireachta de chuid na hEagraíochta Domhanda Trádála (MC14), a tionóladh i gCamarún, i mí an Mhárta.

9. D'admhaigh Comhairle LEE gur gá leanúint den obair leanúnach chun laghdú a dhéanamh ar líon na ngníomhartha de chuid an Aontais atá ar feitheamh lena n-ionchorprú i gComhaontú LEE, d'fhonn slándáil dhlíthiúil agus aonchineálacht LEE a ráthú i gcomhréir le hAirteagal 102 de Chomhaontú LEE. Ag an am céanna, thug sí dá haire go raibh an riaráiste fós ard agus leag sí béim ar an ngá atá le hiarrachtaí a threisiú agus an dlúthchomhar a choinneáil ar bun chun comhaid sheanbhunaithe a ionchorprú go tapa chun deimhneacht dhlíthiúil agus aonchineálacht a áirithiú in LEE agus chun feidhmiú cuí an mhargaidh inmheánaigh a áirithiú. Leag Comhairle LEE béim freisin ar a thábhachtaí atá sé a áirithiú go ndéanfar an *acquis* a thrasuí go tráthúil i gcórais náisiúnta dlí.

10. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá an dlúthchomhar idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE chun an tslándáil agus an athléimneacht eacnamaíoch a neartú. Cé go n-admhaíonn Comhairle LEE nach n-áirítear i gComhaontú LEE aon bheartais trádála seachtraí ná beartais chustaim, is díol sásaimh di an plé leanúnach maidir leis an dlúthchomhar i réimsí beartais lasmuigh de raon feidhme Chomhaontú LEE, lena n-áirítear maidir leis an mbealach is fearr chun dul i ngleic leis na hábhair sin chun iomaíochas a áirithiú agus chun sláine an mhargaidh inmheánaigh a chaomhnú.

11. Chun iomaíochas an mhargaidh inmheánaigh a neartú, leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé timpeallacht atá fabhrach do ghnólachtaí agus do FBManna agus don nuálaíocht a chur ar fáil chomh maith le spleáchais straitéiseacha in earnálacha íogaire a laghdú. Ba dhíol sásaimh di na hiarrachtaí chun rialacha a shimpliú agus ualaí riaracháin a laghdú trí na tograí Omnibus gan an bonn a bhaint ón intuarthacht, ó spriocanna beartais, ó na hardchaighdeáin ná ó shláine an mhargaidh inmheánaigh, ná ó uaillmhianta an Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan lena ndéantar spreagadh fáis i dtionscail na hEorpa den dícharbónú. Ag an am céanna, is díol sásaimh do Chomhairle LEE na hiarrataí go mbunófaí tionscnaimh uaillmhianacha bhreise, idir thionscnaimh omnibus agus tionscnaimh simplithe.

12. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé leanúint den dlúthchomhar idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE chun a spriocanna aeráide agus bithéagsúlachta faoi seach a bhaint amach agus cuspóirí Chomhaontú Pháras agus Chreat Domhanda Bithéagsúlachta Kunming-Montréal a chaomhnú.

13. D'aithin Comhairle LEE a ríthábhachtaí atá sé gur ann do sholáthairtí fuinnimh atá sábháilte, slán, inacmhainne, inbhuanaithe agus ísealcharbóin, agus go ndéanfaí bonneagar fuinnimh na hEorpa a chosaint ar bhagairtí hibrideacha agus ar bhagairtí eile. Chuir sí i dtreis gur cheart, le straitéis chuimsitheach do dhícharbónú agus d'iomaíochas, intuarthacht a chur ar fáil don tionscal agus iarracht a dhéanamh gnólachtaí a mhealladh, a mhéadú agus a choinneáil ar bun laistigh den Eoraip. Chuir Comhairle LEE i bhfios go láidir freisin nach mór leas iomlán a bhaint as acmhainneacht shuntasach na bhfoinsí fuinnimh ísealcharbóin atá sábháilte agus inbhuanaithe laistigh de LEE, go háirithe tríd an gcomhtháthú margaidh agus tríd an gcomhar trasteorann leanúnach a dhoimhniú, agus ar an gcaoi sin rannchuidiú leis an gcuspóir

domhanda an acmhainneacht fuinnimh in-athnuaite a mhéadú faoi thrí agus slándáil fuinnimh na hEorpa a neartú.

14. Leag Comhairle LEE béim ar an ról lárnach atá ag praghsáil carbóin san aistriú glan agus ag an gcomhar leanúnach idir an tAontas agus Stáit CSTE LEE i bhforbairt Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais, agus thug sí dá haire an mheastóireacht atá ar na bacáin ar nascacht aeir na n-oileán, na réigiún is forimeallaí agus na gcríoch iargúlta, lena n-áirítear breithniú ar an iomaíochas agus sceitheadh carbóin agus ar na tionchair ar an gcomhshaol agus ar an aeráid. Ba dhíol sásaimh di an obair leanúnach atá á déanamh chun Stáit CSTE LEE a chuimsiú sa Sásra Coigeartaithe Carbóin ar Theorainneacha agus na cuspóirí agus na gníomhartha maidir le haistriú glan na hearnála iompair sa Phacáiste 'Oiriúnach do 55'.

15. Thug Comhairle LEE dá haire an Pacáiste maidir le Soghluaisteacht Mhíleata, agus leag sí béim ar a thábhachtaí atá sé an dlúthchomhar a áirithiú maidir le gnéithe den phacáiste a bhaineann le Stáit CSTE LEE agus le Comhaontú LEE.

16. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeadh claochlú digiteach iomaíoch, cothrom agus athléimneach ann, agus go neartódh an Eoraip a seasamh i réimse na dteicneolaíochtaí digiteacha straitéiseacha. Leag Comhairle LEE béim ar a ríthábhachtaí atá sé saoirse agus iolrachas na meán a chosaint, neamhspleáchas eagarthóireachta agus iriseoirí a chosaint chun go mbeidh sochaí dhaonlathach dhea-fheidhmiúil againn sa ré dhigiteach. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé go mbeidh an Gníomh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Gníomh um Margaí Digiteacha á n-ionchorprú go luath i gComhaontú LEE. Ina theannta sin, thug Comhairle LEE dá haire a thábhachtaí atá sé an chibearshlándáil a neartú agus an comhordú a mhéadú, ionas gur féidir daoine, institiúidí agus bonneagar criticiúil a chosaint ar bhagairtí hibrideacha.

17. Agus é á aithint aici na tairbhí eacnamaíocha, comhshaoil agus sochaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag baint leis an intleacht shaorga (IS), leagann Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé an Gníomh um an Intleacht Shaorga a ionchorprú agus a chur chun feidhme go héifeachtach agus go comhleanúnach, agus ag an am céanna leas iomlán a bhaint as acmhainneacht IS na hEorpa, faoi mar atá beartaithe i dtionscnaimh amhail an Straitéis um chur i bhfeidhm na hIntleachta Saorga, an Plean um Mór-Roinn na hIntleachta Saorga agus an Straitéis Eorpach um Aontas Sonraí. Sa chomhthéacs sin, leagann Comhairle LEE béim ar an ngá atá le dálaí atá fabhrach don nuálaíocht a chothú, rochtain ar shonraí ardcháilíochta agus ar acmhainneacht ríomhaireachta a áirithiú, agus éiceachóras IS na hEorpa a neartú chun an t-iomaíochas agus an athléimneacht a fheabhsú.

18. Leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá an ghné shóisialta i gComhaontú LEE, lena gcumhdaítear saincheisteanna a bhaineann le dlí an tsaothair, sláinte agus sábháilteacht ag an obair, agus an comhionannas inscne.

Ba dhíol sásaimh di an dul chun cinn a rinneadh maidir le cur chun feidhme Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta, creat arb é is aidhm dó Eoraip níos cuimsithí, níos athléimní agus níos iomaíche a bhaint amach. D'aithin Comhairle LEE freisin a thábhachtaí atá comhar níos dlúithe i réimse na sláinte. Sa chomhthéacs sin, leag Comhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá sé an nuálaíocht a chothú in earnálacha na sláinte agus na n-eolaíochtaí beatha san Eoraip, ar mhaithe le hothair agus le córais cúraim sláinte. Is fada le Comhairle LEE go mbeidh reachtaíocht chógaisíochta an Aontais agus an Spáis Eorpaigh Sonraí Sláinte curtha chun feidhme agus go mbeidh comhar níos dlúithe ann maidir le hullmhacht agus freagairt sláinte.

19. Gan dochar don chaibidlíocht ar leibhéal an Aontais faoin gcreat airgeadais ilbhliantúil atá ar siúl faoi láthair, d'iarr Comhairle LEE go mbeadh idirphlé leanúnach ann maidir leis na hullmhúcháin do chláir an Aontais don chéad tréimhse airgeadais eile (2028-2034) agus é mar aidhm aige a áirithiú go ndéanfaí rialacháin nua maidir le cláir a ionchorprú go luath i gComhaontú LEE, agus ceart rannpháirtíochta Stáit CSTE LEE dá bhforáiltear i gComhaontú LEE á chur san áireamh.

20. Meabhraíodh do Chomhairle LEE go bhforáiltear le Comhaontú LEE don rannpháirtíocht sa mhargadh inmheánach agus, sa chomhthéacs sin, meabhraíodh di freisin go rannchuidíonn Stáit CSTE LEE le héagothromaíochtaí sóisialta agus eacnamaíocha laistigh de LEE a laghdú trí Shásraí Airgeadais LEE agus na hIorua ar mhaithe leis na Páirtithe Conarthacha, d'fhonn neartú leanúnach cothrom an chaidrimh trádála agus eacnamaíoch idir na Páirtithe Conarthacha uile i gComhaontú LEE a chur chun cinn i gcomhréir le hAirteagal 115 LEE. Ba dhíol sásaimh do Chomhairle LEE gur tugadh i gcrích na meabhráin tuisceana dhéthaobhacha agus na comhaontuithe cláir idir Stáit CSTE LEE agus formhór na Stát is Tairbhithe chun creat agus amlíne shoiléir a leagan síos chun na cistí a chur chun feidhme go héifeachtach agus go tráthúil. Is fada le Comhairle LEE go dtabharfar i gcrích go pras na meabhráin tuisceana dhéthaobhacha leis na Stáit is Tairbhithe uile, agus go ndéanfar é sin a luaithe is féidir.

21. Chuir Comhairle LEE i bhfios go láidir go ndéanfaidh na Páirtithe Conarthacha, i bhfianaise Airteagal 10 i bPrótacal 38D, athbhreithniú ar an ngá atá le haghaidh a thabhairt ar éagothromaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta in LEE agus, bunaithe ar an measúnú sin, go gcuirfidh siad tús leis an gcaibidlíocht a bheidh ann amach anseo maidir leis na chéad Sásraí Airgeadais eile, i bhfad sula rachaidh na Sásraí Airgeadais 2021-2028 in éag, chun bearnaí sa chur chun feidhme a sheachaint agus ionas go mbeifear in ann an pheirspictíocht chistiúcháin don todhchaí a chlársceidealú ar bhealach éifeachtúil éifeachtach.

22. Leag comhaltaí Chomhairle LEE béim ar a thábhachtaí atá comhar cuiditheach cuimsitheach maidir le hábhair iascaigh agus ba cheart don chomhar sin a bheith cothrom agus dul chun tairbhe an dá thaobh, go háirithe maidir le bainistiú inbhuanaithe stoc éisc leasa choitinn san Atlantach Thoir Thuaidh. D'aithin siad a thábhachtaí atá sé leanúint d'aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhpháirteacha atá fós gan réiteach maidir leis an mbeartas iascaigh agus aitheantas á thabhairt ag an am céanna don tábhacht a bhaineann leis an idirphlé déthaobhach i mbainistiú iascaigh. Lena chois sin, leag na comhaltaí béim ar an ngá atá le bearta a dhéanamh chun srian a chur le hiascaireacht neamhdhleathach neamh-inbhuanaithe san Atlantach Thoir Thuaidh.

23. Thug comhaltaí Chomhairle LEE dá n-aire agus is oth leo an meath tromchúiseach atá tagtha ar stoc ronnach an Atlantaigh Thoir Thuaidh agus thuig siad a thábhachtaí atá sé teacht go tráthúil ar chomhaontú comhroinnte, atá cuimsitheach cothrom, i measc na Stát cósta uile.

24. D'athdhearbhaigh Comhairle LEE na gealltanais a leagtar amach i bPrótacal 9 a ghabhann le Comhaontú LEE maidir le trádáil éisc agus táirgí muirí eile.

25. Meabhraíodh do Chomhairle LEE gealltanas na bPáirtithe Conarthacha, i gcomhréir le hAirteagal 19 de Chomhaontú LEE, agus d'iarr sí ar na páirtithe leanúint den idirphlé chun athbhreithniú a dhéanamh ar na coinníollacha trádála i gcás táirgí talmhaíochta chun léirscaoileadh forchéimnitheach a bhaint amach faoi chuimsiú a mbeartas talmhaíochta faoi seach. Mhol Comhairle LEE do na Páirtithe Conarthacha athbhreithniú nua a dhéanamh ar an gcóras trádála le haghaidh táirgí talmhaíochta próiseáilte faoi chuimsiú Airteagal 2(2) agus Airteagal 6 de Phrótacal 3 a ghabhann le Comhaontú LEE chun an trádáil a chur chun cinn a thuilleadh sa réimse seo.

RELEX.4